Deacair tagra re treise
[RIA 6 (23/I/40), 45]
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Deacuir tagra re treisi
ni thig don te as eittreisi
da bfesa[dh] fremh a dhiomdha
sesa[mh] re trén tigherna.
2 Snamh a n-aghaidh esa d’fhior
nó as iris ghoid um ghainiomh
no as cabhuir ar gcladh ccatha
lamh a n-aghuidh ardfhlatha.
3 Mar so as sruth a n-aghuid áird
mo shiúit re mac mic Riocaird
is edóigh ge madh doigh dham
cóir no egcoir da n-iarfadh.
4 Leghuidh go bráth beg a suim
an chóir bhios a mbél anbfuinn
dana ni bhiam a bochta
da ttrian cára cumhochta.
5 Fáth ar ttagra re thaobh slim
cuid mo shen d’inis F[h]eidhlim
thegmhus di mar [a-]derar
si d’eglus da hainmneghadh.
6 As í ar ndoigh da ndernadh cert
m’f[h]erann don iarla d’oigreacht
b(h)uain ar ndúthchais féin dar bhfuil
da chéibh chulchais nar chosmhuil.
7 Na crededh a reacuid ris
ni port oirne an t-aos aimhlis
dream nach bhfég d’ulc an iarla
lucht breg 7 baoithdhiamhra.
8 Um riocht féin as ferr damh-sa
aga agra ’mun adhbhar-sa
na bheith um iarla eile
re dhreich niamdha naimhdeighe.
9 Lamh thréan ar thoil gach anbhfuinn
cenn egnaigh [an] anforluinn
aodhuire is breithemh na mbocht
feithemh caomhmuige Connocht.
10 Gan dul oirne don iarla
far gcúis da chruth mínniamhdha
doigh lem a los ar loige
fos fa cend is coroide. Deacuir...